# Léaráid Venn

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí – sórtáil<br>Uimhreas – rialacha agus airíonna, patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | iolraithe de 3,4 srl. is iolraí de 12 é 4, corruimhir, ré-uimhir |
| **Áiseanna** | Uirlis Sórtála Mol Mata, fonsaí, Léaráid Venn ar pháipéar |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht fhisiceach shórtála, nó ag úsáid Uirlis Sórtála Mol Mata nó ar pháipéar.

1 **Gníomhaíocht 1**

Mar ghníomhaíocht don rang uilig, sórtálann na daltaí uimhreacha 1-20 ar Léaráid Venn trasnach ag úsáid critéar a mholann siad iad féin. Mar shampla, corruimhreacha agus iolraithe de 3.

2 **Gníomhaíocht 2**

Oibríonn daltaí ina n-aonar nó i mbeirteanna leis na critéir eile maidir le sórtáil uimhreacha 1-20 a shocrú.

3 **Gníomhaíocht 3**

Roghnaíonn daltaí a raon uimhreacha féin agus socraíonn siad a gcuid critéar féin faoi choinne a Léaráidí Venn. Mar shampla, uimhreacha 20-50.


## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad iolraí de 'x' atá ina gcorruimhreacha/ré-uimhreacha? | • Cad é a thugann tú faoi deara faoi uimhreacha 1-2/20-50?<br>• Cad é a thugann tú faoi deara faoi na hiolraithe de 'x'?<br>• Cad iad na huimhreacha eile a mbeadh patrún den chineál chéanna ag baint leo agus cad chuige a mbeadh siad mar an gcéanna? |


## Difreáil

Thiocfadh leis na daltaí cártaí figiúirí a shórtáil go fisiceach más cuí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

# Léaráid Venn



Léaráid Venn



Léaráid Venn